# William Joyce 1906-1946

Faisistí agus bolscaire de chuid na Naitsithe ab ea é William Joyce. Rugadh i Nua-Eabhrac é sa bhliain 1906. Éireannaigh ab ea iad a thuismitheoirí a bhog abhaile go Gaillimh. Bhog Joyce go Londain tar éis dó cuidiú leis na Breatanaigh le linn Chogadh na Saoirse. Agus é i Sasana ghlac Joyce ballraíocht i gcumann Faisistíoch de chuid Oswald Mosley. Bhog sé go dtí an Ghearmáin le linn an Dara Cogadh Domhanda agus thosaigh sé ag craoladh bolscaireachta ar son na Naitsithe. Glaodh 'Lord Haw Haw' air toisc go raibh canúint ghalánta agus bhréagach aige.



# William Joyce 1906-1946

Féach ar an bhfíseán ar William Joyce. Agus tú ag breathnú air, abair an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach.

| | | |
|---|---|---|
| Rugadh William Joyce i Sasana agus bhog a theaghlach ar ais go Meiriceá agus é ina ghasúr | | B |
| Bhí teaghlach William Joyce i mbaol ón IRA | | |
| Sa Bhreatain bhí an ghráin ag William Joyce ar na hAlbanaigh | | |
| Ghlac Joyce ballraíocht in Aontas na bhFaisistithe Sasanach (BUF) | | |
| Sa bhliain 1929 theith Joyce agus a bhean chéile Margaret go dtí an Ghearmáin | | |
| Chraol sé chuig na milliúin éisteoirí i Sasana agus é sa Ghearmáin faoi éachtaí na Naitsithe | | |
| Sa bhliain 1942 thosaigh taoide an chogaidh ag athrú toisc an Ghearmáin ag troid i gcoinne an iomarca tíortha ag an am céanna. | | |
| Fuair Hitler bás sa bhliain 1945 nuair a dúmharaíodh é. | | |
| Cuireadh pianbhreith bháis ar Joyce i bpríosún Wandsworth tar éis an chogaidh. | | |
| Tá uaigh Joyce i Reilig Ghlas Naíon i mBaile Átha Cliath | | |

# William Joyce 1906-1946

## Anois, léigh an t-alt seo faoi William Joyce agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis.

William Joyce

Rugadh William Joyce i Nua-Eabhrac sa bhliain 1906. Ba Chaitliceach ó Mhaigh Eo é a athair ach ba Phrostastúnach ó Shasana a mháthair. Bhog an teaghlach ar ais go Bóthar na Trá i nGaillimh agus d'fhreastail Joyce ar Choláiste Iognáid sa chathair. Ba Dhílisitheoirí a theaghlach a thacaigh go mór le hImpireacht Shasana agus bhí siad glan i gcoinne an Phoblachtanachais. Le linn Chogadh na Saoirse chuidigh Joyce le hArm na Breataine ag fáil eolais do na Dúchrónaigh. Nuair a fuair an tIRA sin amach theastaigh uathu é a chur chun báis. Chuidigh na Breatanaigh le Joyce teitheadh go Sasana agus cuireadh isteach san arm é ach caitheadh amach luath go leor é toisc go raibh sé faoi aois.

Bhog an teaghlach ar fad go Londain ansin agus d'fhreastail Joyce ar scoil agus ar an ollscoil, áit ar bhain sé céim céad onóracha amach sa Bhéarla. Ba dhalta an-chliste é. Chaith sé tamall ina mhúinteoir. Bhí an-spéis go deo aige san Fhaisisteachas agus ag cruinniú de chuid an Pháirtí Choimeádaigh, sáthadh san aghaidh é agus fágadh le colm mór fada é. D'úsáid sé an eachtra chun frith-Sheimíteachas a scapadh cé gur Éireannach mná a d'ionsaigh é.

Ghlac Joyce ballraíocht sa BUF nó Aontas na bhFaististithe Sasanach sa bhliain 1932. Ba é Sir Oswald Mosley ceannaire an BUF. Thosaigh Joyce ag tabhairt oráidí uaidh agus níorbh fhada go raibh sé ina stiúrthóir ar bholscaireacht an BUF. Ceapadh ina leascheannaire ar an bpáirtí é agus sheas sé in olltoghchán 1937 ar son an BUF é ach níor éirigh leis suíochán a fháil. Cé go raibh Joyce an-ghníomhach sa BUF, thug Mosley bata agus bóthar dó sa bhliain 1937. Níorbh fhada go raibh a pháirtí féin bunaithe ag Joyce áfach, The National Socialist League.


# William Joyce 1906-1946

Sa bhliain 1939, theith Joyce agus a bhean chéile go dtí an Ghearmáin. Bhí siad buartha go mbeidís gafa ag Rialtas na Breataine mar a bhí roinnt Faisistíoch eile ar a n-aithne. Fuair Joyce agallamh sa Rundfunkhaus, teach craoltóireachta de chuid na Naitsithe. Ceapadh láithreach ina chraoltóir agus ina láithreoir nuachta é. Nuair a chuala iriseoirí de chuid na Breataine na chéad tuairiscí nuachta ón nGearmáin, thosaigh siad ag spiocadh as canúintí galánta uasaicmeacha na láitheoirí nuachta a bhí acu agus ghlaoigh siad ‘Lord Haw Haw’ ar an té a chuala siad. Agus Joyce ag tosú amach ag craoladh bolscaireachta ar son na Naitsithe, cuireadh Lord Haw Haw air freisin agus thaitin an leasainm air. De réir a chéile, thosaigh sé á chur féin in aithne dá lucht féachana mar Lord Haw Haw. Thaitin an t-aitheantas leis.

Ní raibh sé i gcoinne an dlí éisteacht le bolscaireacht William Joyce agus le linn an Chogaidh, d’éist nach mór 18 milliún duine i Sasana leis agus iad ag iarraidh a fháil amach cén saghas ráiméise a bhí á chraobhscaoileadh ag na Naitsithe. Ba é an craoladh deireanach a rinne Joyce ná an óráid a thug sé sa bhliain 1945 agus é ar meisce. Bhí fios mhaith ag Joyce go raibh deireadh le laethanta an Tríú Reich.

Gabhadh Joyce sa bhliain 1945 sa Danmhairg agus seoladh ar ais go Sasana é. Cuireadh ar triail é sa chúirt Old Bailey agus daoradh chun báis é as tréas a dhéanamh in aghaidh Shasana. Crochadh é sa bhliain 1946. Tá a bhás ina chnámh spairne, fiú sa lá atá inniu ann, toisc go raibh pas de chuid na Breataine aige go mídhleathach. Cuireadh in uaigh gan aitheantas é i bPríosún Wandworth ach, tar éis feachtas a bhunaigh a iníon, aistríodh a chorp go Gaillimh é sna 1970dí. Tá a chorp ann ó shin.

# William Joyce 1906-1946



GLUAIS
Dílsitheoirí = daoine atá dílis do Ríocht Shasana
Impireacht = tír ollmhór atá faoi stiúr ag duine údarásach amháin cosúil le Rí nó Impire
Dúchrónaigh = (Black and Tans) – arm foréigeanach a bhí ag na Sasanaigh le linn Chogadh na Saoirse
Frith-Sheimíteachas = claontacht i gcoinne Giúdaigh
Theith sé = bhailigh sé leis faoi dheifir go rúnda
Ag spiocadh as = ag magadh faoi

Ceisteanna

1. Cén áit ar rugadh William Joyce?
2. Cérbh iad a thuismitheoirí?
3. Cén áit a raibh Joyce ar scoil in Éirinn?
4. Cén fáth a raibh Joyce i dtrioblóid leis an IRA le linn Chogadh na Saoirse?
5. Céard a rinne Joyce ina bhlianta luatha i Sasana?
6. Cén páirtí polaitíochta a raibh Joyce ina bhall de?
7. Céard a tharla do Joyce ag cruinniú de chuid an Pháirtí Choimeádaigh?
8. Cén fáth ar aistrigh Joyce go dtí an Ghearmáin?
9. Céard a rinne Joyce agus é sa Ghearmáin?
10. Cén fáth ar crochadh Joyce, an dóigh leat?

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# William Joyce 1906-1946

Meaitseáil: Féach ar an bhfíseán arís agus meaitseáil na príomhfhocail ar chlé leis an míniú cuí ar deis. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| BUF (Aontas na bhFaisistithe) | Duine atá ar son an eite dheise go hiomlán |
| Oswald Mosley | Feall a imirt ar do thír féin |
| Faisistí | Scéalta agus nuacht a scaipeadh go forleathan ar an raidió nó ar an teilifís |
| Bolscaireacht | Ceannaire an BUF |
| Lord Haw Haw | Duine a thug tacaíocht d'Adolf Hitler agus a pháirtí polaitíochta |
| Naitsí | William Joyce agus é ag craoladh bolscaireachta ón nGearmáin ar an raidió |
| Adolf Hitler | Ball an-tábhachtach de chuid na Naitsithe a bhí i gceannas ar bholscaireacht an pháirtí |
| An Dara Cogadh Domhanda | Páirtí polaitíochta faisistíoch a bhunaigh Sir Oswald Mosley i Sasana |
| Craoltóireacht | Cogadh uafásach san Eoraip a mharaigh na milliúin duine |
| Tréas a dhéanamh | Sóiscealaíocht ar chúis éigin |
| Josef Goebbels | Ceannaire na Naitsithe sa Ghearmáin |

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# William Joyce 1906-1946

Ba chogadh uafásach fuilteach é an Dara Cogadh Domhanda. Seo deich bhfíric faoin imeacht staire tábhachtach sin:

1. Thosaigh an Dara Cogadh Domhanda nuair a d'ionsaigh an Ghearmáin an Pholainn sa bhliain 1939. Thacaigh an Ghearmáin agus an Fhrainc leis an bPolainn. Dhá lá níos déanaí, d'fhógair Sasana agus an Fhrainc cogadh ar an nGearmáin.
2. Thacaigh an Ghearmáin, an tSeapáin agus an Iodáil lena chéile. Ba é Adolf Hitler ceannaire na Gearmáine, Benito Mussolini ceannaire na hIodáile agus Emperor Hirohito ceannaire na Seapáine le linn an Dara Cogadh Domhanda. Faisistígh ab ea iad.
3. D'ionsaigh an Ghearmáin an Fhrainc agus ghlac an Ghearmáin seilbh ar an tír sa bhliain 1940. Bua an-tábhachtach a bhí ann do na Gearmáinigh.
4. D'ionsaigh an Ghearmáin an Bhreatain sa bhliain 1941 ach chosain an RAF an tír go fíochmhar.
5. D'ionsaigh an Ghearmáin an Rúis. Operation Barbarossa an t-ainm a bhí ar an ionsaí sin ach de réir a chéile thuig an Ghearmáin go raibh an Rúis ollmhór agus go raibh siad faoi bhrú.
6. D'ionsaigh an tSeapáin Stáit Aontaithe Mheiriceá ag Pearl Harbour ar an 7 Nollaig 1944 agus den chéad uair, ghlac Meiriceá páirt sa chogadh. Thosaigh siad ag troid leis na comhghuaillí an lá dar gcionn. Ba chabhair ollmhór é tacaíocht Mheiriceá.
7. Mharaigh an Ghearmáin níos mó ná 6 mhilliún Giúdach san Uileloscadh, ceann de na cinedhíothaithe ba mheasa a tharla riamh i stair an domhain.
8. Sa bhliain 1946 tháinig fórsaí de chuid na gComhghuaillithe i dtír sa Fhrainc ag Normandy. B'ionsaí tábhachtach é agus d'éirigh leo an Fhrainc a shaoradh ón nGearmáin.
9. Chuir Adolf Hitler, a bhean chéile agus roinnt dá lucht tacaíochta lámh ina mbás féin i mBeirlín. Bhí deireadh leis an Tríú Reich.
10. Ghéill an Ghearmáin ar an 8 Bealtaine 1945. Bhí deireadh leis an gcogadh ach maireann tionchar an eachtra sin go fóill.

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta